Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2025
(OR. en)

8501/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0060 (NLE)**

RECH 185
ATO 25

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 111 final; COM(2025) 111 annex |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le glacadh chlár taighde forlíontach 2024-2027 an imoibritheora ardfhlosca in Petten, a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach<br>- Glacadh |

1. An 26 Márta 2025, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le glacadh chlár taighde forlíontach 2024-2027 an imoibritheora ardfhlosca in Petten, a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach[1]. Chuaigh an clár taighde forlíontach atá i bhfeidhm faoi láthair[2], in éag an 31 Nollaig 2023. Baineann an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle le clár nua 4 bliana (2004-2027) le haghaidh oibriú an imoibreora ardfhlosca bunaithe ar ghníomhaíochtaí taighde an *Nuclear Research and consultancy Group V.O.F. – NRG* (thar ceann na hÍsiltíre) agus an *Commissariat à l'énergie atomique et aux énergies alternatives – CEA* (thar ceann na Fraince).

2. Tar éis an chruinnithe a bhí aici an 28 Aibreán 2025, tháinig an Mheitheal um Thaighde (Ceisteanna Adamhacha) ar chomhaontú maidir leis an gCinneadh seo.

[1] 7496/25 + ADD1.
[2] IO L 211/14, 3.7.2020.

3. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, mar mhír ‘A’ i gceann de na chéad seisiúin eile a bheidh aici:

– an Cinneadh ón gComhairle maidir le glacadh chlár taighde forlíontach 2024-2027 an imoibreora ardfhlosca a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 8522/25 é, a ghlacadh;

– a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar mhaithe le faisnéis.